# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLÉIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí sin eagraithe mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **CUID A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **CUID B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí **cuig cinn** de na topaicí a fhreagairt, mar seo a leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A**;
**dhá** thopaic as **CUID B**;
an **cúigiú** topaic as **CUID A** nó as **CUID B**.

Tá 80 marc ag dul do gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif, a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **CUID A – An Saol Gréagach** | **CUID B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Mícéine agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapail na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

[Thall

# CUID A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Céard is filíocht bhéil ann?

(ii) Cén bhliain de Chogadh na Traí a tharla imeachtaí an **Íliad**?

(iii) I Leabhar 1 den **Íliad**, cén fáth go raibh eagla ar Chalchas labhairt sa tionól a ghlaoigh Aichill?

(iv) Conas a chaith Héilín le hEachtar nuair a chuaigh sé go dtí a teach ag lorg Páras?

(v) I Leabhar 16 den **Íliad**, céard a rinne Ajax chun na longa Gréagacha a chosaint?

(vi) Cérbh é Sarpedon? Céard a tharla dó? (24)

(*b*) (i) Cés moite de Séas, ainmnigh **dhá** dhia nó bhandia a raibh baint acu le Cogadh na Traí. (8)

(ii) I gcás **gach** dia nó bandia atá ainmnithe agat, déan cur síos go hachomair ar an mbaint a bhí aige/aici leis an gcogadh. (16)

(iii) Céard is dóigh leat faoi iompar Séas le linn an chogaidh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Féach ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X**, agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén radharc ó Leabhar 24 den **Íliad** a thaispeántar anseo? (8)

(ii) Cén toradh a lean den radharc a thaispeántar anseo? (8)

(iii) An dóigh leat go mba laochra iad na fir a thaispeántar anseo? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

## Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile,** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chéad R.Ch. inar scríobh Heireadótas **Na Leabhair Staire**?

(ii) Cén post a bhí ag Aristagoras i dtús na tréimhse a bhfuil staidéar déanta agat uirthi?

(iii) I 480 R.Ch., cén chomhairle **agus** cén t-eolas a chuir Alastar Mór na Macadóine chuig na Gréagaigh a bhí tar éis seoladh go Tempe?

(iv) Céard a cheap na Peirsigh a bheith aisteach faoi iompar na saighdiúirí Spartacha a bhí cruinnithe ag Thermopylae? Conas a mhínigh Demaratus an t-iompar sin?

(v) Céard a d'fhoghlaim Tigranes faoi na Gréagaigh a thug air a rá: "Is í an onóir an t-aon duais a dtéann siad in iomaíocht di"?

(vi) Tar éis chath Mycale, cén fáth ar sheol na Gréagaigh go dtí an Hellespont? Cén fáth gur athraigh siad a bpleananna i ndiaidh teacht dóibh? (24)

(*b*) (i) Luaigh **dhá** cheann de na cúiseanna a thug Téimisticléas do na Gréagaigh faoi throid a dhéanamh ag Salamis. (8)

(ii) Cén teachtaireacht a thug sclábhaí Téimisticléis, Sicinnus, do na Peirsigh? (8)

(iii) Déan cur síos go hachomair faoin gcath a troideadh ag Salamis. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Heireadótas, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> An tuairim atá nochtaithe agam faoi mhéid na hÉigipte tá tacaíocht an oracail aici a tugadh ó scrín Ammon. Cuireadh é sin in iúl dom tar éis gur tháinig mé féin ar an tuairim sin.
>
> Maidir le cén fáth a n-iompraíonn an Níl í féin go díreach mar a dhéanann sí, ní raibh mé in ann eolas ar bith a fháil ó na sagairt ná ó aon duine eile. Ba é a theastaigh uaim a thuiscint go sonrach ná cén fáth a dtosaíonn an t-uisce ag éirí ag grianstad an tsamhraidh agus go leanann sí ar aghaidh ar feadh céad lá agus go n-íslíonn sí arís ag deireadh na tréimhse sin, ionas go bhfanann sí go h-íseal i rith an gheimhridh go dtí go dtagann grianstad an tsamhraidh ar ais arís an bhliain dár gcionn. Ní raibh aon duine san Éigipt in ann é seo a mhíniú, in ainneoin na n-iarrachtaí seasta a rinne mé a fháil amach, cén t-airí speisialta a thug ar an Níl contrárthacht aibhneacha eile a dhéanamh, agus cén fáth - rud eile a raibh súil agam eolas a fháil faoi - gurbh í an t-aon abhainn nach bhfuil ina cúis le leoithní ar bith.
>
> Rinne Gréagaigh áirithe, agus iad ag súil go bhfeicfí chomh cliste agus atá siad, iarracht míniú a thabhairt ar sceitheadh na Níle i dtrí shlí dhifriúla. Ní fiú am a chur amú le dhá cheann de na míniúcháin. Is inchreidte go mór an tríú teoiric ach is faide ón bhfírinne í ag an am céanna; dá réir seo, is ó shneachta leáite a thagann an t-uisce. Ach toisc go sníonn sí ón Libia tríd an Aetóip isteach san Éigipt, sé sin, ó aeráid an-te isteach in aeráid níos fionnuaire, conas a d'fhéadfadh tús i sneachta a bheith aici? Is léir go bhfuil a laghad céanna fiúntais sa tuairim seo agus atá sa dá cheann eile.

(i) I bhfianaise an tsleachta seo, céard a fhoghlaimímid faoin modh bailithe agus meáite eolais a úsáideann Heireadótas? (10)

(ii) An dóigh leat go raibh a chuid modhanna bailithe eolais ciallmhar? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iii) An gceapann tú go n-oibreodh staraí nua-aimseartha ar an dóigh chéanna? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

[Thall

## Topaic 3: Beatha agus Bás Sócraitéis.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén grúpa daoine a cheap Sócraitéas a bheith níos scanrúla fiú ná Anytus agus na cúiseoirí níos déanaí? Cén fáth?

(ii) Dar le Sócraitéas féin, conas a léiríodh é sa dráma le hArastafainéas?

(iii) Nuair a ordaíodh dóibh Leon as Salamis a thabhairt agus é a chur chun báis, céard a rinne Sócraitéas agus an ceathrar fear eile?

(iv) Nuair a thug sé cuairt ar Shócraitéas sa phríosún, cén fáth nár dhúisigh Crito é?

(v) Deireann Phaedo faoi bhás Sócraitéis: "Níor rith sé riamh liom trua a bheith agam dó mar a mbeadh súil ag duine go mothóinn in aice le leaba bháis chara dhílis.' Conas a mhíníonn Phaedo an chaoi ar mhothaigh sé?

(vi) D'fhiafraigh Crito de Shócraitéas: "Ach conas a dhéanfaimid thú a adhlacadh?" Cén freagra a thug Socraitéas air? (24)

(*b*) (i) Abair gur tuairisceoir ag triail Sócraitéas thú. Scríobh alt do do nuachtán bunaithe ar an méid a fheiceann agus a chloiseann tú ag an triail. Ná déan dearmad an scéal a bheith simplí, ach spéisiúil, do na léitheoirí (24)

(ii) Mar thuairisceoir, an dóigh leat gur iompair muintir na hAithne iad féin go mí-réasúnta ag an triail. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an gcomhrá le Platón **Euthyphro**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

SÓCRAITÉAS: Creidim; agus caithfidh tú iad a insint dom uair éigin eile nuair a bheidh an uain agam dó. Ach i láthair na huaire, b'fhearr liom freagra níos cruinne a chloisteáil uait, a chara, ná thug tú go fóill ar an gceist 'Céard is "cráifeacht" ann?' Nuair a cuireadh an cheist, níor thug tú mar fhreagra ach, 'Ag déanamh mar a dhéanann tusa, ag cur dúnmharú i leith d'athar.'

EUTHYPHRO: Agus b'fhíor an rud a dúirt mé, a Shócraitéis.

SÓCRAITÉAS: Gan amhras, Euthyphro; ach d'admhófá go bhfuil go leor gníomhartha cráifeacha eile ann?

EUTHYPHRO: Tá.

SÓCRAITÉAS: Cuimhnigh nár iarr mé ort dhá shampla nó trí den chráifeacht a thabhairt dom, ach an múnla ginearálta a chuireann ar nithe cráibheacha a bheith cráifeach.

EUTHYPHRO: Is cuimhin liom.

SÓCRAITÉAS: Inis dom céard é nádúr an mhúnla sin, agus ansin beidh mé in ann a rá go bhfuil a leithéid siúd de ghníomh cráifeach, agus a leithéid siúd eile éagráifeach.

EUTHYPHRO: Is é is cráifeacht ann ná ní a thaitníonn leis na déithe agus is é is éagráifeacht ann ná ní nach dtaitníonn leo.

(i) Tá Sócraitéas ag iarraidh sainmhíniú a fháil ar chráifeacht. Céard é an chéad sainmhíniú a thug Euthyphro dó? (6)

(ii) Cén fáth nach n-aontaíonn Sócraitéas leis an sainmhíniú sin? (6)

(iii) Céard a thugtar ar an gcineál sin ceistithe? (6)

(iv) Cén fáth an dóigh leat nár thaitin Sócraitéas le roinnt daoine de bharr an chineál sin ceistithe? (6)

(80 marc)

**Topaic 4: Mícéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile,** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén daingean inar chónaigh an sean Rí Nestor?

(ii) Céard tá ar taispeáint i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cérbh é Ciste Atreus?

(iv) Cérbh í Cliotaeimnéistre? Céard a tharla di?

(v) Cérbh í Eris? Cén bhaint a bhí aici le Cogadh na Traí?

(vi) Conas a chuidigh Carl Blegen lenár n-eolas faoi Thraí? (24)

(*b*) (i) Céard iad na hargóintí a mbainfeá úsáid astu ón miotaseolaíocht, litríocht, agus seandálaíocht mar thacaí leis an tuairim gur tharla Cogadh na Traí dáiríre? I do fhreagra, is ceart duit tagairt a dhéanamh do Mhícéine agus Traí **araon**. (24)

(ii) Cén fáth go mbaineann an oiread sin tábhachta le Schliemann i scéal na Traí? (8)

(*c*) Léigh an sliocht a leanas, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

I rith na seachtainí seo caite, tháinig mé ar an tuairim tar éis an tsaoil go gcaithfeadh gur scríobhadh táibléid Knossos agus Pylos i nGréigis - Gréigis chrua agus ársa, ó tharla go bhfuil sí 500 bliain níos sine ná Hóiméar agus í scríofa i bhfoirm ghiorraithe, ach Gréigis mar sin féin.

(i) Cé a d'fhógair é sin i 1952? (4)

(ii) Céard iad na táibléid a raibh sé ag tagairt dóibh? (4)

(iii) Déan cur síos go hachomair ar na táibléid sin **agus** mínigh conas a caomhnaíodh iad ar feadh breis is 3000 bliain. (8)

(iv) Cén t-eolas a thugann na táibléid seo faoin Saol Mícéineach? (8)

(80 marc)

## Topaic 5: Acrapail na hAithne.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é Pheidias? Cén fáth a luaitear leis an Acrapail é?

(ii) Cén fáth gur ainmníodh an Erechtheum mar sin?

(iii) Conas a rinneadh pátrún na hAithne d'Athene?

(iv) Bronnadh *peplos* ar Athene le linn a féile. Céard as a dtáinig sé?

(v) Céard is teampall peiriptearach (peripteral) ann?

(vi) Céard tá ar taispeáint i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**? Cá bhfuarthas é?

(24)

(*b*) (i) Mínigh an bunús atá le Conradh Delos. (8)

(ii) Mínigh go hiomlán an ceangal idir forbairt an Chonartha seo agus na teampaill ar an Acrapail. (16)

(iii) Céard is dóigh leat a bhí i gceist ag Peiricléas nuair a dúirt sé: "Is oideachas don Ghréig ár gcathair"? (8)

(*c*) Léiríonn na Fótagraif **4** agus **5** ar Pháipear **X** stíleanna éagsúla dealbhóireachta de chuid na Gréige. Féach orthu agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Céard iad na hainmneacha a thugtar ar an **dá** stíl dealbhóireachta? (8)

(ii) I bhfianaise na bhfótagraf seo, abair céard iad na **difríochtaí** atá idir an dá stíl. (8)

(iii) Cé acu is fearr leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(80 marc)

## CUID B

## An Saol Rómhánach

### Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cá bhfuil Aeinéas nuair a thosaíonn an **Aeinéid**?

(ii) Le linn don Traí a bheith ag titim, cé a tháinig chuig Aeinéas i mbrionglóid? Cén chuma a bhí air?

(iii) Céard a tharlaíonn nuair a dhéanann Aeinéas agus a chuid fear iarracht Cassandra a tharrtháil?

(iv) Céard a chuireann ar Aeinéas a thuiscint go gcaithfidh sé an Chartaig a fhágáil?

(v) Luaigh **dhá** rud a insíonn Sibil d'Aeinéas go gcaithfidh sé a dhéanamh sula n-imíonn sé go dtí an tÍochtar Domhain.

(vi) Cérbh é Ceirbearas? Conas a chaith Sibil leis? (24)

(*b*) (i) I Leabhar 1 den **Aeinéid**, cén gearán a dhéanann Véineas lena hathair, Iúpatar, nuair a théann sí chuige "a súile lonracha ag cur thar maoil le deora"? (8)

(ii) Céard iad na geallúintí a thugann Iúpatar di ansin? (16)

(iii) Déan cur síos ar theagmhas **amháin** eile i Leabhar 1 den **Aeinéid** nuair a thagann Véineas ar an láthair. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 4 den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Níor thúisce na focail sin tagtha as béal dia na Cilléine ná d'imigh sé as radharc daoine. D'imigh sé i bhfad ar siúl isteach san aer neamhchorpraithe. Ach an radharc a fuair Aeinéas air d'fhág sé gan focal, gan mhothú é. D'éirigh a chuid gruaige ina colgseasamh le huafás agus ghreamaigh an guth ina scornach. Shantaigh sé a bheith imithe agus an tír seo a fhágáil a bhraith sé roimhe sin a bheith chomh haoibhinn sin. Bhuail an rabhadh, ordú ó na déithe, é mar a bheadh caor thine. Ach céard, ó céard, a bhí le déanamh aige?

(i) I bhfianaise an tsleachta seo amháin, céard a fhoghlaimímid faoin gcineál duine atá in Aeinéas? (8)

(ii) Luaigh tarlú **amháin** eile inar cosúil mothú den sórt sin a bheith ag Aeinéas. (8)

(iii) Luaigh tarlú **amháin** ina léiríonn sé gné dhifriúil dá nádúr. (8)

(80 marc)

**[Thall**

## Topaic 7: Téatar na Rómhánach - Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é Pleusicles? Cá raibh a theach?

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le masc a chaitheamh ar an stáitse.

(iii) Deireann Artotrogus: "Bhí mé ag cuimhneamh ar an eilifint sin san Ind agus ar an gcaoi ar bhris tú a ulna le buille amháin de do dhorn." Cé hé Artotrogus agus cén pointe atá á dhéanamh aige?

(iv) "Céard tá ar siúl agat anseo, a Philocomasium?. . . Philocomasium, tá mé ag caint leat." Ag an bpointe sin cén fáth nach dtugann Philocomasium aon aird ar Sceledrus?

(v) "Déan iarracht éirí as an ngol anois. Maith an cailín." Cé leis a ndeireann Palaestrio é sin agus cén fáth go bhfuil sí ag gol?

(vi) Sa dráma seo céard dó a sheasann an feisteas stáitse? (24)

(*b*) Sa Réamhscéal don dráma seo deireann Palaestrio:
"Agus táimid chun roinnt cleas áiféiseach a imirt air . . . agus a chur ina luí air nach bhfaca sé na rudaí a cheapann sé a bhfuil feicthe aige."

(i) Cé hé an duine a ndéantar tagairt dó sa sliocht seo? (4)

(ii) Céard a chonaic sé? (4)

(iii) Mínigh conas a chuireann Palaestrio ina luí air "nach bhfaca sé na rudaí a cheapann sé a bhfuil feicthe aige." (12)

(iv) Sa chuid dheiridh den dráma cuirtear plota eile i bhfeidhm. Mínigh gnó an dara plota seo agus abair conas a chuirtear i bhfeidhm é. (12)

(*c*) Léigh an sliocht a leanas as dráma le Plautus, **An Pota Óir**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

[*Tagann an* SCLÁBHAÍ *ar ais agus dea-aoibh air, agus an pota óir ina sheilbh aige*.]

SCLÁBHAÍ: Féach orm! Táim níos saibhre ná na Grifíní a chónaíonn sna Sléibhte Órga! Táim níos saibhre ná - ach ní féidir liom na ríthe sin go léir a lua, gan iontu ach bochtáin ar aon chuma. Táim níos saibhre ná an Rí Pilib é féin. A leithéid de lá glórmhar! . . . D'imigh mé as seo mar a chonaic sibh, agus bhain an áit amach roimh an seanfhear, agus bhí neart ama agam chun dreapadh suas i gcrann. Agus ón áit sin rinne mé faire air agus an t-ór á chur aige. Nuair a bhí sé imithe, léim mé anuas den chrann agus bhain aníos an pota iomlán d'ór. Ansin thug mé sciurd as an mbealach agus díreach in am chun é a fheiceáil ag dul ar ais go dtí an áit den dara huair. Ach ní fhaca sé mé; agus d'fhan mé amach ón mbóthar ar mo bhealach ar ais . . . Féach! Seo chugainn anois é . . . Táim chun é seo a chur i dtaisce sa bhaile.

[*Imíonn sé faoi dheifir*.]

(i) Sa **Saighdiúir Maíteach**, cén carachtar an dóigh leat a bhfuil an chuid is mó aige i gcoiteann leis an sclábhaí? Tabhair cúis le do fhreagra (8)

(ii) Cén fáth go mbainfeadh lucht féachana Rómhánach spraoi as carachtar mar sin? (8)

(iii) Conas a chuidigh úsáid a bhaint as carachtair Ghréagacha i suíomh Gréagach sna drámaí seo le greann a dhéanamh do lucht féachana Rómhánach? (8)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar choigistigh Sulla spré Chornelia, bean Chaesair?

(ii) Cén fáth nach raibh sé d'aidhm ag Caesar ach a bheith ar an dara duine a b'fhearr i gcúrsaí óráidíochta polaitíochta?

(iii) Cén fáth ar chuir Caesar in aghaidh pionós an bháis do lucht comhcheilge Catilina?

(iv) Cén fáth go raibh sé deacair ar Chaesar an Róimh a fhágáil chun dul go dtí an Spáinn, nuair a ceapadh sa chúige sin é i ndiaidh dó a bheith ina phraetóir?

(v) Nuair a bhí Caesar ina chonsal, cén fáth ar fhreastail a laghad sin seanadóirí ar na cruinnithe a raibh sé i gceannas orthu?

(vi) Cén teorainn a rinne abhainn an Rubicon? (24)

(*b*) Léigh an sliocht seo a leanas ó **Beatha Chaesair** le Plútarc, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Mar sin féin, sna ceantracha níos iargúlta bhí na chéad chomharthaí le feiceáil den chogadh ba mhó agus ba chontúirtí de chogaí uile Chaesair sa Ghaill. Bhí síolta an chogaidh seo curtha le fada faoi rún agus cúram déanta díobh ag na fir ba chumhachtaí i measc na bpríomhnáisiún míleata sa tír; agus anois bhí neart tagtha sa ghluaiseacht.

(i) Déan cur síos ar phríomhchéimeanna éirí amach deiridh seo na nGallach in aghaidh Iúil Caesar. I do fhreagra, ba cheart duit na daoine a bhí bainteach leis, ról Vergentorix/Vercingetorix, tábhacht Alesia, agus na deacrachtaí a bhí le sárú ag Caesar a lua. (24)

(ii) Céard í an tréith ba thábhachtaí a bhain le Caesar mar cheannaire míleata i do thuairim. Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Beatha Chaesair** le Plútarc, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh. (Is iad an "bheirt fhear" a ndéantar tagairt dóibh i líne 3 ná Caesar agus Poimpéas.)

Mar láithreach anois thosaigh an chathair, mar a déarfá, ag suaitheadh agus ag at mar a dhéanann an fharraige roimh an stoirm. Bhí gach rud trína chéile agus bhí claonadh chun easaontais i ngach óráid a tugadh, toisc nach raibh an gaol pósta ann a thuilleadh idir an bheirt fhear, an gaol a cheil níos mó ná srian a chur leis na huaillmhianta a bhí in iomaíocht lena chéile. Roimh i bhfad, lena chois tháinig an scéal gur maraíodh _____________ i bPartia. Ar an gcaoi sin cuireadh toisc eile ar ceal a chuir bac mór ar chogadh cathardha a thosú, de bhrí gur i ngeall ar eagla roimh _____________ a tharla go dtí seo gur iompair Poimpéas agus Caesar iad féin ar bhealach réasúnta múinte lena chéile. Anois, áfach, chuir cúrsaí cinniúna an tríú iomaitheoir as an iomaíocht, duine a rachadh i ngleic b'fhéidir le cibé buaiteoir a bheadh idir an bheirt eile.

(i) Cérbh é an "gaol pósta" a luaitear i líne 3? Céard a tharla dó? (8)

(ii) Cé a "maraíodh" (líne 5) i bPartia? I bhfianaise an tsleachta seo, cén tionchar a bhí aige ar Chaesar agus Poimpéas? (8)

(iii) Go luath i ndiaidh na dála a bhfuil cur síos air anseo, cén post a fuair Poimpéas sa stát? Cén fáth gur tugadh an post sin dó? (8)

(80 marc)

**[Thall**

## Topic 9: Cathair Rómhánach – an Phoimpé.

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é Campania?

(ii) Ainmnigh **dhá** theampall san fhóram i bPoimpé.

(iii) Conas a fógraíodh imeachtaí poiblí, ar nós cluichí, i bPoimpé?

(iv) Céard a rinne na duovir?

(v) Cá mbeadh *retiarius* le feiceáil agat ag obair, agus céard a bheadh ar siúl aige?

(vi) Céard tá ar taispeáint i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) (i) Ainmnigh **dhá** cheann de na folcadáin phoiblí i bPoimpé. (8)

(ii) Déan cur síos ar na háiseanna a bhí le fáil i dteach folctha tipiciúil. (16)

(iii) Cén ról a bhí ag na folcadáin seo i saol na Rómhánach? (8)

(*c*) Féach ar Fótagraif **7** agus **8** ar Pháipéar **X**, a thaispeánann radharcanna a bhaineann le sochraid Rómhánach, agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an tsráid atá ar taispeáint i bhFótagraf **7**, agus abair cén áit i bPoimpé ina bhfuil sí le fáil. (8)

(ii) I bhfianaise an dá fhótagraf, déan cur síos go hachomair ar shochraid Rómhánach. (10)

(iii) I bhfianaise Fhótagraf **8**, céard tá suntasach, dar leat, faoin dealbhóireacht Rómhánach? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é an Garda Praetóireach?

(ii) Cén gnó a bhí ar an Maor Campa (*Praefectus Castrorum*)?

(iii) Cén fáth go mbíodh saighdiúirí cúnta curtha ar stáisiún amach óna dtír féin?

(iv) Céard go díreach is ciall le deachú?

(v) Céard a rinne an tImpire Claudius agus an t-arm Rómhánach i 43 A.D.?

(vi) Mínigh go hachomair *corona civica* **nó** *colonia*. (24)

(*b*) Abair gur suirbhéir leis an arm Rómhánach thú agus go dtugtar mar ghnó duit suíomh oiriúnach a aimsiú **agus** dún nua a leagan amach air.

(i) Mínigh conas a roghnófá an suíomh don dún nua. (8)

(ii) Mínigh conas a leagfá amach an dún. Luaigh na huirlisí agus na hionstraimí a mbainfeá úsáid astu agus conas a shuífeá na príomhfhoirgnimh agus na daingní. (24)

*(c)* (i) Céard tá ar taispeáint i bhFótafgraf **9** ar Pháipéar **X**? (4)

(ii) Cén úsáid a bhaintí as? (4)

(iii) Ainmnigh píosa **amháin** fearais a d'fhéadfadh na Rómhánaigh úsáid a bhaint as agus iad ag cur baile faoi léigear. (8)

(iv) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh cosantóirí an bhaile faoi léigear iarracht a dhéanamh iad féin a chosaint. (8)

(80 marc)

# LEATHANACH BÁN